


**Comhairle Contae Fhine Gall**
Fingal County Council

# OIFIG FORBARTHA POBAIL FHINE GALL
# **FÍSRÁITEAS**
# **2019 - 2021**

# 01 FORBAIRT POBAIL

Is próiseas é forbairt pobail ina dtagann baill den phobal le chéile chun comhghníomhaíocht a ghlacadh agus chun teacht ar réitigh ar fhadhbanna coitianta. Go minic réitítear dúshláin eacnamaíochta, shóisialta, chomhshaoil agus chultúir agus dúshláin a bhaineann le folláine phobail trí mheán comhghníomhaíochta a ghlactar ag leibhéal an phobail. Baineann forbairt pobail le tionscnaimh bheaga i measc grúpaí beaga chomh maith le tionscnaimh níos mó a bhfuil páirt ag an bpobal i gcoitinne iontu.

Is gnó casta é acmhainn an phobail a chothú, rannpháirtíocht pobail a neartú agus páirt a thabhairt do dhaoine i gcinntí a bhfuil tionchar acu ar a saolta. Ní féidir é a dhéanamh ach trí chomhobair le pobail agus gníomhaireachtaí áitiúla a bhfuil freagracht acu i leith na ndaoine sna pobail sin.






## 1.1 AN OIFIG FORBARTHA POBAIL

Cuireadh an Oifig Forbartha Pobail, faoi choimirce na Rannóige Pobail, Cultúir agus Spóirt i gComhairle Contae Fhine Gall, ar bun in 2004. Bunaíodh é le seirbhís an-tábhachtach a chur ar fáil don phobal. Is é aidhm na seirbhísí difear a dhéanamh do phobail áitiúla agus fadhbanna a réiteach ag an leibhéal áitiúil más féidir. Is mian leis an Oifig Forbartha Pobail a thabhairt le chéile agus áiseanna a chur ar fáil chun athrú dearfach ar shaol na ndaoine i bhFine Gall a chumasú. Mar gheall ar an obair sin don phobal agus ar áiseanna comhroinnte a sholáthar, is féidir tacú le pobail Fhine Gall páirt a ghlacadh ina bhfadhbanna agus dúshláin a aithint agus aghaidh a thabhairt orthu.

Déanann an Oifig Forbartha Pobail neart oibre sna pobail i bhFine Gall, cuireann sí eolas agus tacaíocht mhaoinithe agus tacaíocht d'áiseanna ar fáil, agus is páirtí leasmhar tábhachtach í ó thaobh comhobair idir gníomhaireachtaí. Is é cuspóir na comhoibre sin aidhmeanna agus misean na hOifige Forbartha Pobail agus na Comhairle Contae Fhine Gall a chur i gcrích. Tugtar faoi obair na hoifige i gcomhréir le Tús Áite a Thabhairt do Dhaoine: Clár Gníomhaíochta le haghaidh Rialtas Áitiúil Éifeachtach 2012 agus tá an tAcht um Athchóiriú Rialtais Áitiúil, 2014 mar thaca ag obair na hoifige.




> *“[1]Is príomhchuspóir an rialtais áitiúil folláine agus cáilíocht beatha na ndaoine agus na bpobal a chur chun cinn. Déantar é sin trí ionadaíocht éifeachtach chuntasach agus trí fheidhmeanna a chur i gcrích agus seirbhísí a sholáthar ar bhealach éifeachtúil. Tá buntáistí áirithe ag údaráis áitiúla nach bhfuil ag eagraíochtaí níos láraithe. Is fearr a sholáthraítear seirbhísí poiblí le heagraíochtaí bunaithe sa cheantar a fhreagraíonn ar riachtanais agus coinníollacha áitiúla. Is féidir le freagracht agus cuntasacht áitiúil, faoi réir caighdeáin agus maoirseacht ghinearálta, tacú le feidhmíocht mhaith a bhaint amach, agus is dócha go mbeidh níos mó tiomantais agus úinéireachta ann ná i gcás eagraíocht láraithe.” .”*

D’ullmhaigh Oifig Forbartha Pobail Fhine Gall Físráiteas chun a chinntiú go leanfar d’obair forbartha pobail dírithe agus cuí i bhFine Gall a sholáthar agus chun treoir a thabhairt don obair sin.

## 1.2 FÍS AGUS RÁITEAS MISIN CHOMHAIRLE CONTAE FHINE GALL

> *Fine Gall - áit iontach le cónaí ann, le hoibriú ann, cuairt a thabhairt air agus gnó a dhéanamh ann.*

> *A bheith ina Comhairle bhríomhar oscailte atá dea-eagraithe agus a thaispeánann ceannaireacht agus a ghlacann le héagsúlacht agus deiseanna.*

**Plean Corparáideach Chomhairle Contae Fhine Gall 2019 - 2024**

[1] *Tús Áite a Thabhairt do Dhaoine: Clár Gníomhaíochta le haghaidh Rialtas Áitiúil Éifeachtach*
*An Roinn Comhshaoil, Pobail agus Rialtais Áitiúil, Deireadh Fómhair 2012*

# 02 FÍS OIFIG FORBARTHA POBAIL FHINE GALL

Tá an fhís chéanna ag Oifig Forbartha Pobail agus páirtithe leasmhara don am atá le teacht, is é sin pobail níos láidre a thógáil ar fud Fhine Gall. Beidh na pobail sin féinchothaithe, beidh leibhéil níos mó imeasctha iontu, beidh tionchar ag na pobail ar chinntí a théann i bhfeidhm ar a bpobal agus beidh rochtain ag na pobail ar áiseanna inbhuanaithe pobail.

Agus an fhís seo á fíorú aici, tuigeann an Oifig Pobail go gcaithfidh sí a chinntiú go bhfuil ceannasaíocht, comhoibriú agus cumarsáid éifeachtach ann laistigh den eagraíocht agus taobh amuigh de. Aithnítear gur cheart tús áite a thabhairt do na pobail níos leochailí agus na pobail níos mó atá faoi mhíbhuntáiste i bhFine Gall.

## 2.1 RÁITEAS MISIN NA HOIFIGE FORBARTHA POBAIL

*Obair a dhéanamh chun braistint láidir áite agus folláine a thógáil trí phobail chothroma, ionchuimsitheacha agus nasctha a fhorbairt.*

## 2.2 LUACHANNA NA HOIFIGE FORBARTHA POBAIL

Tugann an Oifig Pobail faoina cuid oibre i gcomhréir leis na luachanna seo a leanas

- Difear a Dhéanamh
- Comhionannas & Meas
- Comhoibriú
- Cumhachtú
- Dírithe ar Dhaoine

Tá cur chuige ag an oifig a dhíríonn ar thascanna, ach ag an am céanna aithníonn an cur chuige nádúr atriallach agus idirghníomhach an phróisis forbartha pobail, oibríonn sí i gcomhar le daoine agus grúpaí eile an t-am ar fad, agus ní bhrúnn sí ar dhaoine nó grúpaí ná ní thugann sí treoir dóibh.

Oibrítear le pobail i gcomhar le réimsí eile de Chomhairle Contae Fhine Gall agus le hionadaithe ó ghrúpaí deonacha laistigh den phobal. Is cuid lárnach de phobail inbhuanaithe a fhorbairt é rannpháirtíocht roinnte i bhfadhbanna atá le réiteach a aithint, na scileanna agus acmhainní atá ann a aithint, chomh maith leis na deiseanna atá ar fáil agus na dúshláin atá ann a aithint. Fágann sé sin gur cuid thábhachtach é an obair a dhéanann an Oifig Forbartha Pobail den chóras Rialtais Áitiúil i gcoitinne.





omhairle Contae
hine Gall
Fingal County
Council




# 03 AIDHMEANNA STRAITÉISEACHA NA hOIFIGE FORBARTHA POBAIL





## TACAÍOCHT IDIRGHNÍOMHAIREACHTA

Oibriú i gcomhar le gníomhaireachtaí chun soláthar seirbhíse agus acmhainní do phobail a uasmhéadú.

## TACAÍOCHT FORBARTHA POBAIL

Pobail agus ceannaireacht áitiúil a neartú trí mheán rannpháirtíochta, nascachta agus ionchuimsithe i réimsí tosaíochta.

## TACAÍOCHT STRAITÉISEACH

Ceannaireacht a chur ar fáil maidir le treoracha náisiúnta agus áitiúla a sholáthar, treoracha a thacaíonn le pobail ionchuimsitheacha agus rannpháirtíocht ghníomhach a fhorbairt.

## TACAÍOCHT LE HAGHAIDH ÁISEANNA

Tacú le háiseanna pobail chun feabhas a chur ar fholláine agus riachtanais athraithe na bpobal a chomhlíonadh.

## TACAÍOCHT MHAOINITHE

Chun tacú le pobail rochtain a fháil ar réimse leathan deiseanna maoinithe.

## 3.1 CUSPÓIRÍ AGUS AIDHMEANNA


| Colún Straitéiseach | Cuspóirí | Aidhmeanna Gearrthéarma |
|---|---|---|
| **Tacaíocht Idirghníom-haireachta** | Oibriú i gcomhar le gníomhaireachtaí chun soláthar seirbhíse agus acmhainní do phobail a uasmhéadú. | • Ionadaíocht a dhéanamh ar leasanna CC Fhine Gall agus na hOifige Forbartha Pobail<br>• Ceannasaíocht a léiriú ó thaobh réitigh idirghníomhaireachta a fhorbairt |
| **Tacaíocht Forbartha Pobail** | Pobail agus ceannaireacht áitiúil a neartú trí mheán rannpháirtíochta, nascachta agus ionchuimsithe i réimsí tosaíochta. | • Cumas na gceannairí pobail a thógáil<br>• Tacú le tionscnaimh phobail a fhorbairt<br>• Tacú le grúpaí pobail a fhorbairt |
| **Tacaíocht Straitéiseach** | Ceannaireacht a chur ar fáil maidir le treoracha náisiúnta agus áitiúla a sholáthar, treoracha a thacaíonn le pobail ionchuimsitheacha agus rannpháirtíocht ghníomhach a fhorbairt. | • Tacú le struchtúir rannpháirtíochta agus tionscnaimh dhírithe agus iad a fhorbairt ar aon dul le cuspóirí náisiúnta<br>• Tacú le tionscadail agus tionscnaimh agus iad a fhorbairt chun cuspóirí na Comhairle a shásamh |
| **Tacaíocht le haghaidh Áiseanna** | Tacú le háiseanna pobail chun feabhas a chur ar fholláine agus riachtanais athraithe na bpobal a chomhlíonadh. | • Forbairt a dhéanamh ar agus feabhas a chur ar áiseanna pobail<br>• Tacú leis an líonra áiseanna pobail a fhorbairt<br>• Struchtúir oiriúnacha a fhorbairt chun áiseanna pobail na Comhairle a bhainistiú |
| **Tacaíocht Mhaoinithe** | Chun tacú le pobail rochtain a fháil ar réimse leathan deiseanna maoinithe. | • Tionscnaimh mhaoinithe na hOifige Forbartha Pobail a fhorbairt agus a bhainistiú<br>• Tacú le tionscnaimh mhaoinithe faoi stiúir na Comhairle<br>• Tacú le tionscnaimh mhaoinithe náisiúnta<br>• Caighdeáin mhaithe maidir le rialachas airgeadais agus cuntasacht a chur chun cinn |


FINGAL
INCLUSION
WEEK
It's for everyone!
Inclusion and Integration
Appreciation and Care
Opportunities for Growth
Safety and Security
Feeling Listened To
Accessible Amenities
Healthy Life in a Healthy Environment
Fingal Wellbeing Statement
Comhairle Contae
Fhine Gall
Fingal County
Council



# 04 CUR I BHFEIDHM

Tabharfar faoi chur i bhfeidhm na gcuspóirí a leagtar amach sa doiciméad seo, i dtús báire, trí mheán plean oibriúcháin na hOifige Forbartha Pobail don bhliain 2020.



# 05 BUÍOCHAS

Tugtar aitheantas d'iarracht agus obair dhian na mball foirne san oifig pobail agus don líon mór páirtithe leasmhara a oibríonn gan stad gan staonadh chun riachtanais na bpobal a chomhlíonadh agus aghaidh a thabhairt ar na dúshláin atá ann ó thaobh seirbhísí leanúnacha a chur ar fáil don phobal. Bhí iarracht agus tiomantas leanúnach na ndaoine sin le feiceáil le linn an físráiteas seo a ullmhú.




*Níl aon amhras ann gur féidir le grúpa beag saoránach díograiseach tuisceanach athrú a dhéanamh ar an domhan; go deimhin is é sin an t-aon rud a rinne a leithéid riamh*

**Margaret Mead**

Comhairle Contae Fhine Gall
Fingal County Council

An Oifig Forbartha Pobail
Rannóg Pobail, Cultúir agus Spóirt
Comhairle Contae Fhine Gall
Bóthar an Gharráin
Baile Bhlainséir
Baile Átha Cliath 15

T +353 (0)1 8905080
E community@fingal.ie
W fingal.ie/community-sport
@fingalcommunity